

Tuarascáil Bhliantúil 2008

**Arna tíolacadh chuig an Aire Dlí agus Cirt,
Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tUasal Dermot
Ahern, T.D., i gcomhréir le hAlt 75(8) de na hAchtanna um
Chomhionannas fostaíochta 1998 go 2008.**

Clár

Misean, Sainordú agus Luachanna an Bhinse Comhionannais	3
Tuarascáil an Stiúrthóra	5
Forbairtí in 2008	8
Seirbhísí an Bhinse in 2008	10
An tAonad Comhionannais Fostaíochta	12
An tAonad um Stádas Comhionann	16
An tSeirbhís Idirghabhála	19
Seirbhísí Tacaíochta in 2008	22
An tAonad Rúnaíochta	22
An tAonad Dlí	23
An tAonad Acmhainní Corparáide	24
Aguisíní	
1 Airgeadas	31
2 Fóram Comhchomhairle	33
3 Cairt Eagraíochta	34

Ár Misean

Cur le sochaí níos cothroime trí fhóram cothrom, inrochtaine agus neamhchlaonta a chur ar fáil chun idirdhealú neamhdhleathach a leigheas

Ár Sainordú

Cuirtear creat reachtúil ar fáil leis an Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998, lenar bunaíodh an Binse Comhionannais, trína ndéanaimid idirghabháil ar éilimh maidir le hidirdhealú neamhdhleathach agus /nó trína ndéanaimid iad a imscrúdú de réir fhorálacha an Achta. Is iomaí athrú reachtaíochta éagsúil atá tarlaithe ó bunaíodh an Binse agus tá freagracht uathúil orainn anois i ndáil le hidirghabháil ar ghearáin maidir le hidirdhealú neamhdhleathach agus iad a imscrúdú faoin reachtaíocht seo a leanas:

- Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 – 2008
- Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 – 2008
- Achtanna na bPinsean 1990-2008

Ár Luachanna

Tá an Binse ag iarraidh sraith de chrofluachanna a léiriú ó bunaíodh é a thacaíonn lena Ráiteas Mísín a chur i bhfeidhm agus atá mar bhonn taca ag an tslí inar mhaith leis an mBinse go bhfeicfí a sheirbhísí ag oibriú. Leanfaimid ar aghaidh agus sinn á dtreorú ag na bunphrionsabail seirbhíse a leagadh amach inár gcéad dhá Ráiteas. Áirítear orthu sin:

Maidir le Seirbhís

- Gairmiúlacht
- Neamhchlaontacht
- Inrochtaineacht
- Tráthúlacht

Maidir leis an bhFoireann

- An oiliúint agus forbairt is fearr is féidir
- Obair i gcomhar

Maidir leis an Rialtas

- Cost-éifeachtacht agus luach ar airgead
- Díospóidí maidir le hidirdhealú a réiteach go neamhchlaonta

Tuarascáil an Stiúrthóra

Fuair an Binse Comhionannais beagnach míle gearán maidir le hidirdhealú neamhdhleathach in 2008, an leibhéal is airde éileamh a taifeadadh go dtí seo. Léiríonn luathchomharthaí go mbeidh an leibhéal tarchuir cásanna in 2009 an-chosúil leis sin. Tá patrún na n-éileamh ag athrú, le hardú suntasach ar éilimh maidir le fostaíocht, go háirithe ó thaobh dífhostú idirdhealaitheach, agus le titim ar éilimh maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí. B'ionann na héilimh a bhain le fostaíocht i 2008 agus thart ar ochtú cúig faoin gcéad de chásualach an Bhinse; tugadh formhór na gcásanna seo in aghaidh eagraíochtaí na hearnála príobháidí. Ar an lámh eile, rinne os cionn leath de na cásanna faoi stádas comhionann gearán faoi idirdhealú ó thaobh soláthar seirbhísí na hearnála phoiblí.

Bunaíodh an Binse beagnach 10 mbliana ó shin chun fóram neamhchlaonta a chur ar fáil chun sásamh a fháil ar idirdhealú neamhdhleathach. De réir mar a fhaigheann daoine níos eolaí ó thaobh a gcuid ceart agus conas sásamh a lorg, tá ardú tagtha ar líon na gcásanna maidir le hidirdhealú líomhnaithe a tharchuirtear go bliantúil de 900% ó 102 i 2000 go 998 i 2008. I rith na naoi mbliana sin, thug thart ar nó thar a gceann 22,000 duine éileamh chuig an mBinse agus chlúdaigh siad beagnach gach réimse d'obair agus de shaol an lae inniu. Tríd is tríd, chuidigh obair an Bhinse go mór le forbairt dhlí an chomhionannais agus lena feidhm phraiticiúil.

I ndéileáil leis na héilimh, tá seirbhís idirghabhála atá éifeachtach agus a bhfuil an-tóir uirthi forbartha ag an mBinse, a chuidíonn le páirtithe teacht ar réiteach a oireann don dá thaobh. Bíonn na comhaontuithe a dtagtar orthu faoi rún ag na páirtithe ach tá an t-aiseolas an-dearfach. Go deimhin, tá ról gníomhach ag idirghabhálaithe an Bhinse i bhforbairt na hidirghabhála i gcoitinne in Éirinn.

Seachas an idirghabháil, déileálann an Binse le héilimh trí phróiseas cinnteoireachta níos foirmiúla. Áirítear air sin éisteacht ó bhéal agus cinneadh scríofa a bhíonn ceangailteach de réir dlí a eisiúint. I gcás éileamh a seastar leo, soláthraíonn cinneadh an Bhinse sásamh do dhuine aonair ach is féidir tábhacht a bheith leis chomh maith ó thaobh deireadh a chur le hidirdhealú sistéamach. Ní éiríonn le formhór na gcásanna

ach mar sin féin cuidíonn na cinní le soiléiriú riachtanach a thabhairt don dá pháirtí maidir le dlí idirdhealaithe.

Faoi na hAchtanna, caithfimid ár gcinntí ar fad a fhoilsiú. Tá bunachar sonraí de gach cinneadh a foilsíodh ó 1996 inár láithreán gréasáin. Baintear go leor úsáide as an láithreán gréasáin mar fhoinsé eolais thábhachtach do dhaoine in Éirinn agus thar lear.

Sa Bhinse tuigimid an riachtanas atá ann an tseirbhís is fearr is féidir a sheachadadh chuig na páirtithe i gcásanna os ár gcomhair. In 2008, in ainneoin na ndúshlán díláraithe agus toradh an riachtanais ama agus acmhainní a thiomnú d'oiliúint agus d'athrú eagraíochtúil, thugamar an líon is mó riamh de chásanna chun críche agus rinneamar dul chun cinn mór ó thaobh liostaí feithimh a laghdú. Beidh níos mó nuálaíochta agus coigeartaithe riachtanach maidir leis an tslí ina seachadaimid ár seirbhísí ach leanfaimid an treoir a fhaighimid ónár gcroíluachanna neamhchlaontachta, gairmiúlachta, inrochtaineachta agus tráthúlachta. Leanfaimid, go háirithe, ag cur ár dtiomantas i bhfeidhm chun caighdeán ard a chothabháil agus muid ag seachadadh torthaí níos tráthúla.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht an Aire agus an Ard-Rúnaí agus na Roinne i gcaitheamh na bliana. Faigheann an Binse tacaíocht phraiticiúil ón Roinn, go háirithe ó thaobh maoinithe, acmhainní daonna agus ICT agus oibríonn sé go dlúth leis an Rannóg Dlí Éagsúlachta agus Comhionannais maidir le cúrsaí riaracháin.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do gach duine d'fhoireann an Bhinse as an obair chrua a rinne sé/sí, a n-oscailteacht, a solúbthacht agus a dtoilteanas chun foghlaim agus cúnaimh a thabhairt. Bhí sé seo thar a bheith tábhachtach in 2008 nuair a bhí gá le hathruithe móra foirne agus pátrúin oibre nua de bharr dhílarú páirt-eatramhach chuig Port Laoise. Beidh tiomantas na foirne chomh tábhachtach céanna i 2009 de bharr an chásualaigh atá ag ardú, leibhéal ard folúntas agus an riachtanas atá ann ár mbuiséad a rialú agus a bhainistiú go daingean. Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt d'iarrachtaí na foirne sa réimsa acadúil, le 16% den fhoireann ag gach leibhéal ar éirigh leo cáilíochtaí acadúla a thabhairt chun críche nó a leanúint in 2008.

Táim muiníneach go leanfaidh an fhoireann ar aghaidh ag léiriú an spioraid agus an tiomantais chéanna agus í ag tabhairt faoina ról a bheidh ag fáil níos gnóthaí in 2009.

Melanie Pine, An Stiúrthóir

Márta 2009

Forbairtí in 2008

Dílárú

Thóg obair an Bhinse i leith an chláir díláraithe Rialtais céim mhór chun cinn in 2008 nuair a d'oscail oifig eatramhach nua i bPort Laoise. Aistríodh 10 bpost comhionann lán-aimseartha go dtí an áit sin. Bhí ról suntasach ag an Aonad Acmhainní Corparáide chomh maith is a d'éirigh leis an aistriú seo trí fheistiú na hoifige i gcomhar leis an OPW agus trí infreastruchtúr IT agus teileafónaíochta a chur ar fáil don fhoirgneamh nua i bPort Laoise. Cuireadh siar an bunastriú a pleanáladh chuig Cúil an tSúdaire a bheidh faoi réir ag athbhreithniú i 2011 mar chuid de chinneadh an Rialtais an 14 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an gclár iomlán díláraithe.

Rinne an Binse athbhreithniú ar a chuid phróiseas agus struchtúr gnó agus rinne athlíníú orthu chun na deiseanna d'athrú gnó a aithníodh ag ceantair díláraithe i rith 2008, a chur san áireamh.

Forbairtí Díl

In Iúil 2008 rinne an tAcht um an Díl Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008 leasú ar an Acht um Stádas Comhionann 2000 chun éifeacht a thabhairt do threoir 2004/113/ce an 13 Nollag 2004 ón gComhairle ag feidhmiú phrionsabal na córa comhionann idir fhir agus mná ó thaobh rochtana agus soláthair earraí agus seirbhísí.

An Fhoireann

Bhí 37 ball foirne (34.2 comhionann lánaimsire) ag obair sa Bhinse comhionannais faoin 31 Nollaig 2008 (féach Aguisín 4 le haghaidh mionsonraí). D'fhág 10 mball foirne an oifig i rith na bliana: John Hurley (Ceannasaí Stádas Comhionann), Geraldine Coyle, Dolores Kavanagh, Mary O'Callaghan, Mary Rogerson agus Raymund Walsh (Oifigigh Chomhionannais), Alan McDonnell (Bainisteoir Rúnaíochta), Deirdre Gallagher agus Shane Lyster (Cúntóirí Taighde Dlí), Siobhán Lynch (Oifigeach Tacaíochta Rúnaíochta) agus Avril Graham (Oifigeach Tacaíochta Acmhainní Corparáide). Gabhaimid buíochas leo go léir as a ndianobair agus guímid gach rath orthu lena ngairmeacha beatha amach anseo.

D'fháiltíomar roimh Elaine Cassidy (Ceannasaí Stádas Comhionann), Orla Jones, James Kelly agus Valerie Murtagh (Oifigigh Chomhionannais), Catherine Jestin (Cláráitheoir), Barry Quinn (Bainisteoir Oifige Rúnaíochta), Martin Kehoe (Bainisteoir Acmhainní Corparáide agus ICT), Shane Lyster (Cúntóir Taighde Dlí), Mary Daly (Oifigeach Feidhmiúcháin Acmhainní Corparáideacha), Damien Byrne (Oifigeach Tacaíochta Rúnaíochta) agus Stephen Laffan (Oifigeach Tacaíochta Acmhainní Corparáide) in 2008.

Seirbhísí an Bhinse in 2008

Tabhair ar aird: Tá an t-eolas staitistiúil go léir atá i dtáblaí agus i gcairteanna sa chaibidil seo tugtha mar chásanna grúpáilte seachas éilimh aonair. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh níos mó ná gearánaí amháin a bheith i gceist le gach cás.

Forléargas

Is é an phríomhaidhm an Bhinse Comhionannais, agus é ina chomlacht reachtúil, neamhspleách agus gar-bhreithiúnach, ná meicníocht dhíreach a sholáthar chun idirdhealú a leigheas. I gcásanna ar léir gur tharla idirdhealú, tugtar sásamh a bhíonn mar chúiteamh as an idirdhealú agus lena mbaineann tionchar bactha. Tá an Binse ag leanúint le comhlíonadh na haidhme sin ar dhá bhealach trí sheirbhísí imscrúdaithe agus idirghabhála éifeachtacha a chur ar fáil.

Cásanna a Tarchuireadh

Ar an iomlán rinne breis agus 1,300 duine gearán leis an mBinse in 2008. D'ardaigh líon na n-éileamh a tarchuireadh chuig an mBinse in 2008 17% i gcomparáid le 2007. Bhí an t-ardú sách suntasach maidir le Comhionannas Fostaíochta.

Cásanna a tarchuireadh chuig an mBinse in 2007 agus 2008

Cásanna a Tarchuireadh	2007	2008	
Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta	659	831	+26%
• Comhaontuithe Comhchoiteanna	1	9	+800%
Achtanna na bPinsean	7	2	-71%
Na hAchtanna um Stádas Comhionann	185	154	-17%
Líon foriomlán na gcásanna a tarchuireadh	852	996	+17%

Torthaí

D'eisigh an Binse 199 cinneadh in 2008 (ardú 16% ar 2007) agus réitíodh 67 cás le linn Idirghabhála. Thug an Binse 858 cás chun críche in 2008 (607 in 2007), arb ionann é agus ardú 41% i gcomparáid le 2007.

Torthaí 2007 and 2008

Torthaí	2007	2008	
Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta	351	507	+44%
• Cinntí	77	73	-5%
• Comhaontuithe Idirghafa	45	44	-2%
• Tugtha chun críche ar shlí eile	229	390	+70%
Achtanna na bPinsean	8	6	+25%
• Cinntí	0	3	+300%
• Comhaontuithe Idirghafa	0	0	0%
• Tugtha chun críche ar shlí eile	8	3	-62%
Na hAchtanna um Stádas Comhionann	248	345	+39%
• Cinntí	94	123	+31%
• Comhaontuithe Idirghafa	20	24	+15%
• Tugtha chun críche ar shlí eile	134	199	+49%
Torthaí foriomlána	607	858	+41%

An tAonad Comhionannais Fostaíochta

Ról

Lean Oifigigh Chomhionannais san Aonad Comhionannais Fostaíochta ar aghaidh le próiseas imscrúdaithe saineolach agus éifeachtach a sheachadadh ar aon dul le crofluachanna an Bhinse – neamhchlaontacht, gairmiúlacht, inrochtaineacht agus tráthúlacht.

Ba é an dúshlán leanúnach a bhí ag an Aonad in 2007 ná a chinntiú go n-ardófaí a thríchur ag cothabháil chrofluachanna an Bhinse ag an am céanna.

An fhoireann mar a bhí an 31 Nollaig 2008


Ceann an Aonaid	Deirdre Sweeney
Oifigigh Chomhionannais	Stephen Bonnländer, Vivian Jackson , Orla Jones, Hugh Lonsdale, Orlaith Mannion, Valerie Murtagh, Conor Stokes, Bernadette Treanor

Forléargas ar Ghníomhaíochtaí an Aonaid in 2008

Cásanna a Tarchuireadh

Bhí ardú 26% i gcásanna fostaíochta a tarchuireadh chuig an mBinse i rith 2007. Rinneadh líon iomlán de 842 éileamh (a chlúdaigh 1087 gearánaí) a tharchur in 2008. Fuarthas dhá (2) tharchur i 2008 (7 in 2007) nuair a luadh éileamh faoi Achtanna na bPinsean.

Cásanna a Tarchuireadh chuig an mBinse (Comhionannas Fostaíochta agus Pinsin) 2007 agus 2008



Forais

Ba é cine fós an foras is minice a luadh in éilimh i ndáil le Comhionannas Fostaíochta. Mar a bhí in 2007 ba é cine an príomhfhoras chun cás a tharchur in 2008. Tháinig ardú 17% ar líon na n-éileamh a bhain le cine agus ardú 91% ar líon na n-éileamh a bhain le haois.

Na Forais ar Tarchuireadh cásanna chuig an mBinse fúthu (Comhionannas Fostaíochta agus Pinsin) 2007 agus 2008

Briseadh Síos de Réir Forais	2007	2008	
Aois	43	82	+91%
Míchumas	89	97	+9%
Stádas Teaghlaigh	10	6	-40%
Inscne	79	79	0%
Stádas Pósta	1	3	+200%
Cine	307	359	+17%
Creideamh	5	2	-60%
Gnéaschlaonadh	4	5	+25%
A bheith ar dhuine den Lucht Siúil	3	1	-67%
Ilfhorais *	113	199	+76%
Níor Liostaíodh Aon Fhorais	13	9	-62%
Iomlán	667	842	+26%

** I gcás go ndéantar éileamh faoi níos mó ná foras amháin, ní chuirtear san áireamh é i ngach ceann de na forais ar a bhfuil an t-éileamh bunaithe ach sa chatagóir “Ilfhorais” amháin.*

Torthaí

D'ainneoin an éilimh a bhí níos mó, bhí tiomantas na nOifigeach Comhionannais imscrúduithe saineolacha agus éifeachtacha a chur ar fáil fós láidir. Tá fianaise maidir le dianobair agus tiomantas na nOifigeach Comhionannais san Aonad chomh maith le forluí 2 nua a ceapadh ina nOifig Chomhionannais le sonrú san ardú 46% ar chásanna a tugadh chun críche sa bhliain 2008. Bhí íoslachdú ar chinntí maidir le héilimh go ndearnadh idirdhealú i bhfostaíocht in 2008 agus eisíodh 76 cinneadh (lenar clúdaíodh 93 gearán aonair) i gcomparáid le 77 cinneadh a eisíodh in 2007. Chinn Oifig Chomhionannais i bhfabhar an ghearánaí i dtuairim is 36% de chinntí.

I dteannta na dtorthaí sin, tugadh 393 cás eile chun críche in 2008 (229 in 2007) (féach tábla na dtorthaí thíos). Bhí obair mhór i gceist le go leor de na cásanna sin d'fhoireann an Bhinse ag gach leibhéal sular tugadh chun críche iad.

Eisíodh trí (3) chinneadh in 2008 faoi Achtanna na bPinsean. Tugadh trí (3) chás pinsean eile chun críche i 2008 mar gur cinneadh go raibh siad neamhinghlactha nó mar gur tarraingíodh siar iad le linn an imscrúdaithe.

Réitíodh 44 cás Comhionannais Fostaíochta tríd an tSeirbhís Idirghabhála in 2008, agus tugadh 24 cás breise chun críche in Idirghabháil.

Torthaí (Comhionannas Fostaíochta agus Pinsin) do 2007 and 2008

Cásanna Comhionannais Fostaíochta agus Pinsean	2007	2008	
Na Cinntí a Eisíodh	77	76	-1%
• I bhfabhar an Ghearánaí	32	27	
• I bhfabhar an Fhreagróra	43	47	
• Réamhchinntí	1	0	
• Breith Mhóraithe	0	0	

• Gan Dlínse	1	2	
Comhaontuithe idirghabhála	45	44	+6%
Torthaí eile	229	393	+72%
• Neamhinghlactha	20	5	
• Amuigh as am	6	13	
• Dífe	12	67	
• Tarraingthe siar	171	265	
• Níor leanadh leo	3	19	
• Tugtha chun críche in idirghabháil	17	24	
• Tugtha chun críche ar shlí eile	0	0	
Iomlán	351	517	+47%

Deonuithe agus Treoracha

Deonaíodh méideanna arb é €858,116 a n-iomlán (gan pá comhionann agus riaráistí pá srl. san áireamh) mar chúiteamh i gcásanna ar cinneadh gur tharla idirdhealú.

B'ionann an méid a deonaíodh ar an meán agus €11,755 i gcomparáid le €10,216 in 2007. Ba é €60,000 an méid ba mhó a deonaíodh. Deonaíodh pá comhionann in X cás/cásanna.

Is féidir le sásamh ar idirdhealú a bheith i bhfoirm aon cheann díobh seo a leanas:

- pá comhionann, ó dháta tarchuir an éilimh
- riaráistí an easnaimh a bheidh riachtanach chun suim an phá chomhionann a bhaint amach, ar feadh suas le huasmhéid trí bliana roimh an dáta sin;
- cúiteamh ar éifeachtaí gníomhartha idirdhealaithe nó íospartha a tharla i rith na 6 bliain roimh dháta tarchuir an éilimh (faoi réir ag uasteorainneacha)
- ordú go gcaithfí go cothrom le daoine i ndáil le cibé gné a bhaineann leis an gcás
- ordú go dtógfaidh duine/daoine réim gníomhaíochta sonrath
- ordú i leith ath-insealbhathe nó ath-ghabhála (i gcásanna dífhostaithe), le hordú cúitimh nó gan ordú cúitimh

Is féidir suas le pá dhá bhliain, nó pá comhionann agus riaráistí a dheonú ar dhuine atá fostaithe ag an bhfreagróir, nuair is cuí. Is €12,697 é an méid is mó is féidir a dheonú ar dhuine nach fostaí de chuid freagróra é.

I roinnt cásanna d'úsáid Oifigigh Chomhionannais a gcuid cumhachtaí chun gníomh a threorú a chuideodh le hidirdhealú amach anseo a chosc. **Is féidir forbheathnú na dtorthaí agus an sásaimh i ngás cás cinntithe a fháil in Athbhreithniú Dlí an Bhinse 2008.**

An tAonad um Stádas Comhionann

Ról

Lean na hOifigigh Chomhionannais san Aonad um Stádas Comhionann ar aghaidh ag oibriú ar bhonn croíluachanna na neamhchlaontachta, na gairmiúlachta, na hinrochtaineachta agus na tráthúlachta an Bhinse Comhionannais. Is ionann aidhm an Aonaid um stádas Comhionann agus aidhm an Bhinse ina iomláine, go háirithe ó thaobh cinntí éifeachtacha, soiléire agus iontaofa ó thaobh an dlí a eisiúint ar shlí chomh tráthúil agus is féidir agus i gcomhréir le prionsabail an cheartais aiceanta.

An Fhoireann


Ceann an Aonaid	Elaine Cassidy
Oifigigh Chomhionannais	Tara Coogan, Marian Duffy, James Kelly, Enda Murphy, Gary O'Doherty, Brian O'Byrne

Forléargas ar Ghníomhaíochtaí an Aonaid in 2008

Cásanna a Tarchuireadh

Bhí laghdú 17% i gcásanna um stádas comhionann a tarchuireadh chuig an mBinse i rith 2007. Tarchuireadh líon iomlán de 154 éileamh (a chlúdaigh 241 gearánaí) in 2008.

Cásanna a tarchuireadh chuig an mBinse (Stádas Comhionann) in 2007 agus 2008



Forais

Mar a tharla in 2007, lean míchumas mar an foras is minice a luadh le héileamh i ndáil le Stádas Comhionann in 2008. Mar sin féin, thit líon na n-éilimh a bhain le foras an mhíchumais ó 86 go 46, an chúis leis an titim iomlán i líon na n-éileamh a tarchuireadh.

Forais chun cás a tharchur (Stádas Comhionann) 2007 agus 2008

Briseadh Síos de Réir Fhorais	2007	2008	
Aois	8	7	-12%
Míchumas	86	46	-46%
Stádas Teaghlaigh	4	4	0%
Inscne	6	4	-33%
Stádas Pósta	1	4	+300%
Cine	10	18	+80%
Creideamh	1	1	0%
Gnéaschlaonadh	0	1	+100%
A bheith ar dhuine den Lucht Siúil	17	23	+35%
Ilfhorais*	47	38	-19%
Níor Liostaíodh Aon Fhorais	5	8	+60%
Iomlán	185	154	-17%

** I gcás go ndéantar éileamh faoi níos mó ná foras amháin, ní chuirtear san áireamh é i ngach ceann de na forais ar a bhfuil an t-éileamh bunaithe ach sa chatagóir “Ilfhorais” amháin.*

Torthaí

Eisíodh líon iomlán de 123 cinneadh sa bhliain 2008 (a chlúdaigh 243 gearán aonair). Chinn Oifigigh Chomhionannais i bhfabhar gearánaí amháin i dtuairim is 23% de chinntí. I dteannta na dtorthaí sin, tugadh 199 cás eile chun críche in 2008 (féach tábla

na dtorthaí thíos). Bhí obair mhór i gceist le go leor de na cásanna sin d'fhoireann an Bhinse ag gach leibhéal sular tugadh chun críche iad.

Réitíodh 24 cás um Stádas Comhionann tríd an tSeirbhís Idirghabhála in 2008, agus tugadh 5 cás breise chun críche in Idirghabháil.

Torthaí (Stádas Comhionann) do 2007 and 2008

Cásanna um Stádas Comhionann	2007	2008	
Na Cinntí a Eisíodh	94	123	+31%
• I bhfabhar an Ghearánaí	27	28	
• I bhfabhar an Fhreagróra	64	94	
• Réamhchinntí	3	0	
• Breith Mhóraitmh	0	0	
• Gan Dlíse	0	1	
Comhaontuithe Idirghabhála	20	23	+20%
Torthaí Eile	134	199	+49%
• Neamhinghlactha	16	12	
• Amuigh as am	6	9	
• Dífe	0	22	
• Tarraingthe siar	61	61	
• Níor leanadh leo	38	88	
• Tugtha chun críche ar shlí eile	3	2	
• Tugtha chun críche in idirghabháil	10	5	
Iomlán	248	345	+40%

Deonuithe agus Treoracha

Is é €6,348.69 an méid is mó is féidir a dheonú faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann. In 2008, deonaíodh €46,599 ina iomlán mar chúiteamh i gcásanna ar cinneadh gur tharla idirdhealú (i gcomparáid le €74,300 in 2007). Ba é €1,664 an méid a deonaíodh ar an meán, a bhí síos ar 2007. (€2,751).

I roinnt cásanna d'úsáid Oifigigh Chomhionannais a gcuid cumhachtaí chun gníomh a threorú a chuideodh le hidirdhealú amach anseo a chosc. **Is féidir forbhreathnú na dtorthaí agus an sásaimh i ngás cás cinntithe a fháil in Athbhreithniú Dlí an Bhinse 2008.**

An tSeirbhís Idirghabhála

Ról

Foráiltear san Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 (Alt 78) do sheirbhís idirghabhála a bhunú le foireann Oifigeach Idirghabhála Comhionannais. Tá cur chuige idirghabhála comhchosúil le fáil san Acht um Stádas Comhionann 200 (Alt 24) agus in Acht na bPinsean 2004. Earcaítear Oifigigh Idirghabhála Comhionannais ó chéim na nOifigeach Comhionannais agus cuirtear oiliúint speisialaithe orthu i gcomhair idirghabhála as a bhfaightear creidiúnú gairmiúil.

Tá an tSeirbhís Idirghabhála fós ag oibriú faoina Cód Eitice arna leagan amach ina Prionsabail Idirghabhála.

An fhoireann mar a bhí an 31 Nollaig 2008

Ceann Gníomhach na Seirbhíse	Brian O'Byrne
Oifigigh Idirghabhála (bíonn na hoifigigh seo ag feidhmiú mar Oifigigh Chomhionannais chomh maith)	Marian Duffy, Vivian Jackson, Hugh Lonsdale, Fiona Lafferty, Orlaith Mannion, Enda Murphy, Gary O'Doherty, Conor Stokes, Bernadette Treanor, Tara Coogan

Tugadh idirghabháil ag an mBinse, an t-ochtú bliain i mbun a cuid oibríochta, chun críche in 2008. Le linn na bliana sin, tharla mórláimhdeachas foirne sa tSeirbhís Idirghabhála nuair a d'fhág cúigear Cleachtóirí Idirghabhála sainoilte an Binse agus tháinig seisear Oiliúnaithe Idirghabhála nua ina n-áit.


Earcaíodh oiliúnóirí in 2008 de bhun próisis tairisceana chun Oiliúint Chreidiúnaithe MII Cuid 1 a chur ar fáil do na hoiliúnaithe idirghabhála nua agus mar thoradh ar seo d'éirigh leis an mBinse Stádas Baill Deimhnithe a fháil do sheisear idirghabhálaithe nua ón Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann (MII).

I rith na bliana, lean gach idirghabhálaí ag cur lena n-eolas ar chleachtas agus ar theoiric na hidirghabhála trí thabhairt faoi bhreis oiliúna idirghabhála, fhreastal a dhéanamh ar Chomhdhálacha Idirghabhála agus páirt a ghlacadh i gcruinnithe piarghrúpaí.

Forléargas ar Ghníomhaíochtaí na Seirbhíse Idirghabhála in 2008

Cásanna a Tarchuireadh


D'ardaigh líon na gcásanna a tarchuireadh chuig Seirbhís Idirghabhála an Bhinse Comhionannais **33%** in 2008 (**251** i gcomparáid le **189** in 2007). Dhéileáil an tSeirbhís Idirghabhála le **184** cás in 2008 agus tarraingíodh siar nó réitíodh idir na páirtithe **27** acu sin sular tionóladh seisiúin idirghabhála. Sannadh an **157** cás eile chuig aird na n-idirghabhálaithe i rith na bliana ag léiriú ardú **15%** le linn 2007 (**157** cás i gcomparáid le **136** in 2007).



Torthaí

Reáchtáil an tSeirbhís Idirghabhála iomlán de **128** seisiún idirghabhála in 2008 agus réitíodh **52%** (67) díobh i gcomparáid le **60%** sa bhliain 2007. Táthar ag súil le hardú i rátaí réitigh ó tharla níos mó idirghabhálaithe nua ag fáil níos cleachtaidh ar idirghabháil.

Ar an iomlán, níor theastaigh iar-imsrúidí ó 68% de na cásanna a láimhseáil an tSeirbhís Idirghabhála. Agus ag ríomh an 68% seo, cuireadh torthaí idirghabhála rathúla san áireamh chomh maith le cásanna idirghabhála nár leanadh leis an ngearán tar éis dul i mbun rannpháirtíochta leis an tSeirbhís Idirghabhála.



- Is ar bhonn an fhorais Mhíchumais os cionn d’aon trian de chásanna a réitítear ag idirghabháil.
- Tá líon na socrúithe faoi na bhforais Inscne agus Cine an-ard chomh maith.

Torthaí Idirghabhála do 2007 agus 2008

Seisiún Idirghabhála	2007	2008	
Cásanna a Réitíodh			
• Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta	45	44	
• Achtanna na bPinsean	0	0	

• Na hAchtanna um Stádas Comhionann	20	23	
Cásanna nár réitíodh			
• Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta	38	47	
• Achtanna na bPinsean	1	0	
• Na hAchtanna um Stádas Comhionann	5	14	
Cásanna a tugadh chun críche			
• Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta	17	24	
• Achtanna na bPinsean	0	0	
• Na hAchtanna um Stádas Comhionann	10	5	
Iomlán	136	157	+15%

Tá anailís mhionsonraithe ar oibríochtaí na Seirbhíse Idirghabhála ar fáil in Athbhreithniú Idirghabhála an Bhinse 2008, ina léirítear torthaí samplacha chomh maith.

Seirbhísí Tacaíochta in 2008

Tá Seirbhísí Tacaíochta an Bhinse comhdhéanta de thrí aonad:

- An tAonad Rúnaíochta
- An tAonad Dí
- An tAonad Acmhainní Corparáide

An tAonad Rúnaíochta

Ról

Cuireann Aonad Rúnaíochta an Bhinse Comhionannais cur chuige aontaithe ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar réamhcheisteanna a bhaineann le héilimh faoin reachtaíocht chomhionannais.

San áireamh leis sin, tá clárú na gcásanna nua, tá réamhsheiceálacha agus réamhcheisteanna inghlacthachta a dhéanamh agus idirghabháil a thairiscint i dtús báire do na páirtithe a bhfuil baint acu le héileamh. Freagraíonn an Aonad Rúnaíochta chomh maith ceisteanna ginearálta ó pháirtithe a mbíonn baint acu le héilimh a bhíonn os comhair an Bhinse agus tugann sé tacaíocht riaracháin don Stiúrthóir, do Cheannasaithe an Aonaid Comhionannais Fostaíochta, an Aonaid um Stádas Comhionann agus Aonad Idirghabhála an Bhinse agus d'Oifigigh Chomhionannais.

An Fhoireann

Ceann an Aonaid	Sile Larkin
Cláraitheoir	Catherine Jestin
Bainisteoir Rúnaíochta	Brenda Ward
Leas-Chláraitheoir/ Bainisteoir Oifige Rúnaíochta	Barry Quinn
Oifigigh Feidhmiúcháin	Mary Daly, Brian Farrell
Oifigigh Tacaíochta	Damien Byrne, Roisin Cahill, Amanda Cullen, Noelle Doody, Susan Fetton, Finbarr O'Mahoney

Forléargas ar Ghníomhaíochtaí an Aonaid in 2008

Cásbainistiú

Chláraigh an tAonad Rúnaíochta 995 cás um Chomhionannas Fostaíochta agus um Stádas Comhionann a tairchuireadh chuig an mBinse in 2008 agus rinn sé réamhsheiceálacha agus réamhcheisteanna inghlacthachta (nuair a bhí gá) maidir leis na gcásanna sin. Chomh maith leis sin cláraíodh agus ullmhaíodh 251 cás don tSeirbhís Idirghabhála.

An tAonad Dlí

Ról

Is é ról an Aonaid Dlí acmhainní agus tacaíocht a thabhairt do cháilíocht dlí obair an Bhinse Chomhionannais, ag cur le dhá chuspóir an Bhinse maidir le himscrúdú

saineolach, éifeachtach na gcásanna arna gcur ar aghaidh chuig an mBinse agus corpus cásdlí comhionannais cothrom, cóir agus inbhuanaithe a fhorbairt.

Is iad príomhghníomaíochtaí an Aonaid ná:

- Comhairle dlí a chur ar an Stiúrthóir agus ar Oifigigh Chomhionannais maidir lena bhfeidhmeanna a chur i gcrích.
- Anailís a dhéanamh ar shaincheisteanna dlí tríd is tríd ag eascairt as obair an Bhinse.
- Oiliúint dlí, cóitseála agus forbairt scileanna leanúnach intí a chur ar fáil agus a éascú.
- Leabharlann an Bhinse a bhunú agus a fhorbairt.
- Nósanna imeachta inrochtana agus iontaofa ó thaobh an dlí a dhearadh agus a choinneáil faoi athbhreithniú.
- Cuidiú le treo straitéiseach iomlán an Bhinse.

An Fhoireann

Comhairleoir Dlí	Sile Larkin
Cúntóir Taighde Dlí	Vacancy
Oifigeach Tacaíochta	Deirdre McCormack

Forléargas ar Ghníomhaíochtaí an Aonaid in 2008

Oiliúint

Lean an tAonad ar aghaidh lena chlár oiliúna, atá leagtha amach chun roinnt saineolais a éascú agus chun cur le scileanna gar-bhreithiúnacha, anailíseacha agus dlíthiúla na nOifigeach Comhionannais. I rith 2008 thionóil an tAonad ceardlanna inmheánacha ag leanúint le clár ar ghnéithe éagsúla den dlí comhionannais agus ar réimsí gaolmhara de dhlí na hÉireann agus de dhlí an Chomhphobail Eorpaigh.

Leabharlann

Cuireann leabharlann an Bhinse ionad cuimsitheach tagartha agus acmhainní ar fáil d'oifigigh chomhionannais, maidir le dlí comhionannais na hÉireann agus le dlí comhionannais an Chomhphobail Eorpaigh araon, agus maidir le forbairtí i ndlí an

chomhionannais feadh réimse níos leithne. Cuireadh tuilleadh leis an leabharlann in 2008. Bíonn teacht ar an toirt anois ag Oifig Chomhionannais ar chásdlí comhionannais nua, de réir mar a fhorbraíonn sé, trí bhunachar sonraí dlí ar-líne lena gcuirtear saoráidí lántéacs agus cuardaigh ar fáil feadh chásdlí na hÉireann, an Chomhphobail Eorpaigh, na Ríochta Aontaithe, na Stát Aontaithe agus an Chomhlathais.

Athbheithniú Dlí

Mar chuid dár bpolasaí iomlán maidir le trédhearcacht agus le hinrochtaineacht, foilsíonn an Binse Athbheithniú Dlí gach bliain a bhfuil sé mar aidhm leis forléargas áisiúil agus eolasach a thabhairt ar an raon leathan saincheisteanna dlí a bhreithníonn an Binse ina chuid cinntí. Féachann an tAthbheithniú le forléargas a thabhairt ar na saincheisteanna níos tábhachtaí a bhaineann le gach ceann de na naoi bhforas chostanta, le coincheapa bunúsacha dhlí an chomhionannais, le soláthar earraí agus seirbhísí, agus le fostaíocht. Foilsíodh Athbheithniú Dlí ar chinntí a eisíodh in 2007 i Lúnasa 2008 agus foilsíodh Athbheithniú den sórt céanna ar chinntí a eisíodh in 2008 leis an Tuarascáil seo.

An tAonad Acmhainní Corparáide

Ról

Is é ról an Aonaid Acmhainní Corparáide seirbhísí tacaíochta líne tosaigh a sholáthar don Stiúirthóir agus do na haonaid eile san oifig lena chur ar a gcumas a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích go héifeachtúil agus go héifeachtach. Tugann an tAonad aire d'oibríochtaí na hoifige ó lá go lá i ndáil le cóiríocht, airgeadas, seirbhísí do chustaiméirí agus soláthar earraí agus seirbhísí. Tá sé freagrach as an timpeallacht fhisiciúil laistigh den Bhinse agus as sláinte agus sábháilteacht agus as cúrsaí rochtana. Tá sé freagrach freisin as oiliúint neamh-dhlíthiúil a eagrú agus as bileoga, foirmeacha agus cáipéisí corparáide eile a ullmhú agus a fhoilsiú agus cuireann sé na seirbhísí tacaíochta atá riachtanach ar fáil chun obair na hoifige a éascú agus chun an láithreán gréasáin a chothabháil agus a fhorbairt.

Foireann mar a bhí an 31 Nollaig 2008

Ceann an Aonaid	Fiona Lafferty
Bainisteoir ICT	Martin Kehoe
Bainisteoir Oifige	Frank Bergin
Oifigigh Tacaíochta Acmhainní Corparáide	Stephen Laffan, Noel Kelly
Oifigigh Seirbhísí	John Fitzgerald, Joe Pettigrew

Forléargas ar Ghníomhaíochtaí an Aonaid in 2008

Bainistiú Airgeadais

Is é an Stáitchiste tríd an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a mhaoiníonn an Binse Comhionannais. Thabhaigh an Binse caiteachas iomlán de €2.94m i rith na bliana 2008. Bhí sin comhdhéanta de € 2.25m i ndáil le pá agus €0.69m i ndáil le neamhphá. Is ionad próiseála agus bainistiú airgeadais de chuid an Bhinse é an tAonad Acmhainní Corparáide. Áirítear ar a chuid oibre gníomhartha iomaíocha lena chinntiú go bhfuair an Binse luach ar airgead ar na hearraí agus na seirbhísí a fuair sé. Chomh maith lena chuid tairiscintí féin a eagrú bhain an Binse leas as íostarraingt ó DJELR i réimsí ar nós oiliúint, soláthairtí agus trealamh oifige. Déanann an Coiste Buiséid inmheánach, faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra, monatóireacht leanúnach agus athbhreithniú gach mí ar an gcaiteachas.

Chun mionsonraí a fháil, féach Aguisín 1: Tuarascáil Airgeadais do 2008

Seirbhís do Chustaiméirí

Leagann Cairt Seirbhísí do Chustaiméirí de chuid an Bhinse ár dtiomantas maidir le seirbhís ard-chaighdeán do chustaiméirí a sholáthar, bunaithe ar phrionsabail seirbhíse ard-chaighdeán do chustaiméirí don tSeirbhís Phoiblí agus ar Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse arna fhorhuiniú ag an Rialtas. Measann an

Binse gur chomhlánaigh sé na tiomantais ar tugadh fúthu sa Chairt Seirbhísí do Chustaiméirí. Lean an Binse ar aghaidh lena nósanna imeachta gearán a fheidhmiú. Fuair Bainisteoir Seirbhísí do Chustaiméirí de chuid an Bhinse gearán amháin, faoin nós imeachta gearán foirmiúil, in 2008. Réitíodh an gearán seo go rathúil.

Mar chuid d'obair ó lá go lá an Aonaid tá sé freagrach as bainistiú seirbhís fáiltithe agus teileafónaíochta an Bhinse agus cuireann sé feidhm tacaíochta ar fáil do shocruithe cóiríochta d'éisteachtaí agus idirghabháil de chuid an Bhinse.

Oiliúint agus Forbairt

Is é atá mar aidhm ag an Aonad tacú le hobair an Bhinse Chomhionannais trí thimpeallacht oibre ardcháilíochta a chur ar fáil don fhoireann agus tríd an bhfeidhmíocht agus forbairt foirne is fearr a bhaint amach. Tacaíonn an Binse le daoine aonair ar mian leo cáilíochtaí acadúla breise cuí a bhaint amach. I dteannta a bheith ag gabháil do cháilíochtaí foirmiúla nó iad a bhaint amach, ghabh Oifigigh Chomhionannais an Bhinse do chlár leanúnach oiliúna in-tí chomh maith. Cuireadh oiliúint in-tí, choimisiúnaithe nó speisialaithe ar an bhfoireann le linn 2008 in Oiliúint Gar-Bhreithiúnach, in Oiliúint Idirghabhála, i Scileanna Bainistithe agus i bhForbairt Phearsanta.

Chuaigh an fhoireann tacaíochta faoi oiliúint fad-réimseach lena chur ar a gcumas seirbhís riaracháin ghairmiúil a sheachadadh do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha. Maidir leis an réimse fiosrúchán a ndéileáil an Binse leo gach lá tá sé riachtanach go mbíonn eolas ginearálta maith ag an bhfoireann tacaíochta ar oibriú na nAchtanna agus go mbíonn siad feasach faoi na saincheisteanna agus na hábhair inní a chumhdaíonn an réimse comhionannais, chomh maith le cur chuige gairmiúil a bheith acu ar riarachán, cumarsáid agus cúrsaí seirbhíse custaiméirí. Mar sin, tá réamhchúrsa ar an reachtaíocht, Scileanna Seirbhíse do Chustaiméirí, Scileanna Cumarsáide chomh maith leis na Scileanna TF riachtanacha agus Oiliúint i Sláinte, Sábháilteacht agus Feasacht san áireamh san oiliúint don fhoireann tacaíochta.

Lean an tAonad Foghlama Corparáide de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar aghaidh ag soláthar tacaíochta d'fhoireann

an Bhinse in oiliúint agus forbairt cineálach Státseirbhíse a aithníodh trí PMDS a fheidhmiú.

€71,000 ar an iomlán a caitheadh ar an oiliúint dhíreach amháin in 2008, méid is ionann agus 3.1% de chostais phárolla dhírigh. Níl caiteachas ár máthairRoinne nó oiliúint cineálacha Státseirbhíse san áireamh ansin.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá freagrachtaí ar an Oifig ina cáil mar phríomhthionónta na nOifigí i Sráid Chluain Meala. Áirítear orthu sin sábháilteacht struchtúrtha an fhoirgnimh ar fad. Lean an tAonad Acmhainní Corparáide ar aghaidh ag bainistiú polasaí Sláinte agus Sábháilteachta an Bhinse in 2008. Aithníodh roinnt saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta le linn iniúchadh sláinte agus sábháilteachta agus glacadh bearta áirithe i leith réiteach na saincheisteanna sin.

Inrochtaineacht

Lean an Binse ar aghaidh ag cinntiú na hinrochtaineachta is fearr a bheith ar fáil in áitreabh na hoifige ag Sráid Chluain Meala, Baile Átha Cliath 2 in 2008. Tá seirbhísí an Bhinse saor in aisce. Ní gá go mbeadh uiríoll dlí ag páirtithe i ndíospóid chun leas a bhaint as na seirbhísí.

Cuireann an Binse oifigí nua-aimseartha agus inrochtana agus seomraí cruinnithe ar fáil a chomhlíonann caighdeáin ghairme sláinte, agus sábháilteachta. Tá raon teicneolaíochta ag an mBinse Comhionannais a chuireann le inrochtaineacht agus a chabhraíonn le seirbhís agus saoráidí ardcháilíochta a chur ar fáil dár bhfoireann agus dár gcustaiméirí, lena n-áirítear cáipéisí i mBraille agus i bhformáid fuaime, rochtain iomlán do chathaoiréacha rotha agus ateangaireacht sa teanga chomharthaíochta agus i dteangacha eile nuair a lorgáítear iad, agus seomraí éisteachta ina bhfuil aercóiríúchán agus trealamh “deaftech” do chliaint a bhfuil lagú éisteachta ag gabháil dóibh. Maidir le custaiméirí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, chuaigh Oifigí Chomhionannais agus Idirghabhálaithe go dtí éisteachtaí i roinnt mhaith láithreacha éagsúla i rith 2008 chun freastal ar ghearánaithe agus ar fhreagróirí.

Cothabhálann an Binse láithreán gréasáin inrochtaine, eolasach agus nuashonraithe ag www.equalitytribunal.ie.

Foilseacháin

D'fhoilsigh an Binse na cáipéisí seo a leanas i rith 2008 –

- ✓ Tuarascáil Bhliantúil 2007
- ✓ Athbhreithniú Dlí 2007 (i bhformáid CD)
- ✓ Athbhreithniú Idirghabhála 2007
- ✓ Ráiteas Straitéise 2008-2010
- ✓ Bileoga faisnéise athbhreithnithe

Oibríonn an Binse go dlúth leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Litearthachta do Dhaoine Fásta (NALA) maidir lena cuid bileog a athchóiriú agus le cúnaimh uathu tá an Marc Cáilíochta NALA *Plain English* bainte amach ag na bileoga.

Tá cóipeanna de na bileoga eolais ar fáil i gcló mór, i mBraille nó ar téip fuaimne ach iad a iarraidh, agus tá siad ar fáil i nGaeilge, i bhFraincís, i Rúisis, i bPolainnis agus i Sínis ag an ionad fáiltithe, tríd an bpost agus ar an láithreán gréasáin.

Is féidir gach foilseachán a íoslódáil ó láithreán gréasáin an Bhinse ag www.equalitytribunal.ie.

Cumarsáid

De réir mar a éilíonn an reachtaíocht, d'fhoilsigh an Binse gach Cinneadh a eisíodh i rith na bliana, sna meáin agus ar an láithreán gréasáin araon. I Lúnasa 2008 d'fhoilsigh an Binse a Thuarascáil Bhliantúil do 2007, chomh maith lena Athbhreithniú Dlí ar chinntí a eisíodh in 2007, a Athbhreithniú Idirghabhála ar chomhaontuithe a síníodh in 2007, agus a Ráiteas Straitéise 2008-2010, gach ceann acu atá le feiceáil agus le híoslódáil ón láithreán gréasáin.

Rinne an Stiúrthóir, an Comhairleoir Dlí agus Cinn an Aonaid cur i láthair ar fheidhmeanna agus cásdlí an Bhinse do roinnt eagraíochtaí laistigh d'Éirinn agus

d'fhoraim idirnáisiúnta i rith 2008 ar chásdlí agus feidhmeanna an Bhinse. Áiríodh orthu sin:

Fóram Comhchomhairle

Tá an Fóram Comhchomhairle comhdhéanta d'ionadaithe ó phríomhghrúpaí custaiméirí an Bhinse. Is é an príomhfhócas atá aige meicníocht a thabhairt do pháirtithe leasmhara inar féidir lena dtuairimí cur go réalaíoch leis na nósanna imeachta chun scrúdú a dhéanamh ar éilimh maidir le hidirdhealú neamhdhleathach. Soláthraíonn sé fóram chun saincheisteanna maidir le inrochtaineacht agus seirbhís do chustaiméirí a phlé agus a réiteach. Tugann sé aiseolas luachmhar chomh maith ar oibríochtaí an Bhinse agus ar éifeachtacht ár seirbhís do chustaiméirí. Coimeádtar feidhmeanna gar-bhreithiúnacha na hoifige amach as an bplé, de bharr ról an Stiúrthóra agus na nOifigeach Comhionannais atá neamhspleách go reachtúil. Chas an Fóram le chéile ar dhá ócáid i rith 2008 agus phléigh siad raon leathan ábhar lenar áiríodh athchóiriú ar an Ráiteas Straitéise, tionchar an dláráithe, an t-ualach oibre ag an mBhinse agus an cuíchóiriú atá beartaithe do ghníomhaireachtaí rialtais. Tá liosta de na heagraíochtaí a ndearnadh ionadaíocht orthu ag deireadh 2008 ar an bhFóram Comhchomhairleach tugtha in Aguisín 3.

I dTreo 2016

Lean an Binse ar aghaidh in 2008 de bheith ag féachaint don chomhaontú comhpháirtíochta sóisialta náisiúnta *I dTreo 2016* agus de ghníomh beartaithe faoin gcomhaontú sin a chur i bhfeidhm.

Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)

Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann faoin gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) nua agus faoina chomhtháthú le próisis acmhainní daonna eile, in 2008. D'fhreastal an fhoireann ar sheisiúin eolais chun cur le feasacht maidir leis an gcóras nua rátála agus an nasc le polasaithe agus modhanna oibre AD lena n-áirítear breisíochtaí, promhadh agus cur chun cinn. Comhlánadh foirmeacha maidir le próifíl rólanna agus rinneadh athbhreithnithe ar fheidhmíocht don fhoireann go léir mar chuid de PMDS i rith na bliana. Cuireann an córas soiléireacht maidir le rólanna agus

freagrachtaí na foirne agus maidir le bainistiú feidhmíochta ar fáil ar shlí struchtúrtha. Cuireann sé fóram luachmhar ar fáil chomh maith chun riachtanais oiliúna a aithint.

An Láithreán Gréasáin

Táthar fós ag úsáid láithreán gréasáin an Bhinse www.equalitytribunal.ie mar acmhainn thábhachtach d'fhoireann an Bhinse mar aon le custaiméirí an Bhinse. Tá eolas maidir le comhionannas fostaíochta, stádas comhionann agus nósanna imeachta idirghabhála le fáil ar an láithreán gréasáin. Tá bileoga eolais an Bhinse ar fáil i mBéarla, i nGaeilge, i bPolainnis, i Rúisis agus i bhFraincis. Tá cinntí uile an Bhinse sa bhunachar sonraí cinntí agus leis an bhfeidhm chuardaigh is féidir le húsáideoirí cinntí sonracha a aithint faoi raon critéar cuardaigh. Tá reachtaíocht Chomhionannais le fáil ar an láithreán gréasáin chomh maith. Déanann an Binse cinntí a uaslódáil ar an láithreán gréasáin an tríú Luan de gach mí tar éis an chinneadh a éisiúint chuig na páirtithe.

Táthar fós ag úsáid láithreán gréasáin an Bhinse mar uirlis seachadta seirbhísí thábhachtach agus tá níos mó airde tugtha d'iniúchadh inrochtaineachta faoi threoirlíne an Údaráis Náisiúnta Míchumais d'fhonn iniúchtaí inrochtaineachta forleathana a dhéanamh sa bhliain 2009.

Tugadh cuairt ar an láithreán gréasáin 102,000 uair ar an meán in aghaidh na míosa in 2008.

ICT

Mar chuid dá ullmhúchán don dílárú, d'éirigh leis an mBinse a struchtúr Teicneolaíochta Faisnéise a asnamh chuig an Timpeallacht Citrix in 2008. Thacaigh Rannán IT na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí leis an mBinse san obair sin.

Is córas fiontar comhtháite é Citrix lena ndéanfar feidhmeanna agus feidhmchláir IT uile an Bhinse a lárú. Leis sin, cuireadh ar chumas seirbhísí líonra a sheachadadh go réidh chuig ár n-oifigí dláráithe. Beidh sé mar éascaíocht chomh maith ag na bail

foirne a dteastóidh saoráidí ríomhoibre uathu nó a dteastóidh uathu rochtain a fháil ar shonraí an Bhinse le linn Éisteachtaí timpeall na tíre.

Rinne an Binse uasghrádú ar a chóras teileachumarsáide chomh maith.

Éifeachtúlacht Fuinnimh

Rinne an tAonad Acmhainní Corparáide comhordú ar rannpháirtíocht an Bhinse i dTionscnamh Feasachta Fuinnimh faoi chinnireacht an OPW in 2008. Ghlac bainstíocht agus foireann an Bhinse leis an dúshlán ídiú fuinnimh na hoifige a laghdú agus sábháladh go leor ó thaobh ídiú fuinnimh in 2008.

Aguisín 1: Tuarascáil Airgeadais do 2008

€	
Pá:	2.25m
Non-pay:	0.69m
IOMLÁN	2.94m

Ba iad seo a leanas na príomhréimsí caiteachais neamhphá:

	€
Cóiríocht	120,000
Cumarsáid & Bolscaireacht	16,000
Dearadh & Priontáil	42,000
Teicneolaíocht Faisnéise	70,000
Dlíthiúil	78,000
Leabharlann	28,000
Trealamh Oifige	59,000
Teileafón/Postas	61,000
Oiliúint	77,000

D'eascair caiteachas €79,000 as caiteachas ar chásobair lenar ghá éisteachtaí a reáchtáil in áiteanna lasmuigh de Cheanncheathrú an Bhinse Comhionannais.

Úsáid Fuinnimh agus Athchúrsáil

Déanann an Binse Comhionannais bearta le laghdú ar úsáid fuinnimh de réir an Chinneadh Rialtais S180/20/10/0269 maidir le hÚsáid Stuama Fuinnimh i bhFoirgnimh na hEarnála Poiblí, lena n-áirítear glacadh le Dreasacht Laghdaithe

Éilimh Geimhridh BSL agus socruithe athchúrsála i leith páipéir agus gloine agus dúch-chaiséidí phrintéara agus innill chóipeála.

Íoc Pras

Lean an Binse Comhionannais de chloí leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall i gcás Bearta Tráchtála) 2002.

Aguisín 2: Fóram Comhairleach ag deireadh 2008

Comhairle Bharra na hÉireann

An Ghníomhaireacht um Fhostóirí Seirbhíse Sláinte

Dhlí-Chumann Corpraithe na hÉireann

Cónaidhm Ghnó agus Fostóirí na hÉireann

Comhar Ceardchumann na hÉireann

Cónaidhm Árachais na hÉireann

Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann

An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Chiníochas agus Idirchultúrachas

An Chónaidhm Náisiúnta Leispiach agus Gay

Comhairle Náisiúnta na mBan

People with Disabilities in Ireland Ltd

Aguisín 3: Cairt Eagraíochta an Bhinse Chomhionannais

(amhail an 31 Nollaig 2008)

An Stiúrthóir		
Melanie Pine		
Chomhionannas Fostaíochta	Stádas Comhionann	Idirghabháil
Deirdre Sweeney Ceannasaí Chomhionannas Fostaíochta	Elaine Cassidy Ceannasaí Stádas Comhionann	
Stephen Bonnlander Vivian Jackson Orla Jones Hugh Lonsdale Orlaith Mannion Valerie Murtagh Conor Stokes Bernadette Treanor Oifigigh Chomhionannais	Tara Coogan Marian Duffy James Kelly Enda Murphy Gary O'Doherty Brian O'Byrne Oifigigh Chomhionannais	Brian O'Byrne * Ceannasaí Idirghabhála Gníomhach Marian Duffy * Vivian Jackson* Hugh Lonsdale* Orlaith Mannion* Enda Murphy* Gary O'Doherty * Conor Stokes* Bernadette Treanor* * Oifigigh Idirghabhála
Bainistíocht Acmhainní		
Bainistiú Dlíthiúil	Acmhainní Corparáideacha	Rúnaíocht
Sile Larkin Comhairleoir Dlí	Fiona Lafferty Ceann Acmhainní Corparáideacha	Sile Larkin* Ceannasaí Rúnaíochta
		Catherine Jestin Cláraitheoir Brenda Ward

		Bainisteoir Rúnaíochta
	Martin Kehoe Bainisteoir ICT	Barry Quinn Leas-Chláraitheoir/ Bainisteoir an Aonaid Rúnaíochta
Shane Lyster Cúntóir Taighde Dlí	Frank Bergin Bainisteoir Oifige Gníomhach	Brian Farrell Mary Daly Oifigigh Feidhmiúcháin
Deirdre McCormack Oifigeach Tacaíochta an Aonaid Dlí	Noel Kelly Stephen Laffan Oifigigh Tacaíochta Acmhainní Corparáide	Roisin Cahill Damien Byrne Amanda Cullen Noelle Doody Susan Fetton Finbar O'Mahoney Oifigigh Tacaíochta Rúnaíochta
	John Fitzgerald Joe Pettigrew Oifigigh Seirbhísí	

- *Tá an dara ról ag na baill foirne seo. Tá naonúr Oifigeach Comhionannais ag feidhmiú mar Oifigigh Idirghabhála Comhionannais (idirghabhálaithe) chomh maith agus tá an Comhairleoir Dlí ag feidhmiú chomh maith mar Cheannasaí Rúnaíochta.*